# 3

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ

# Struchtúr na Caibidle seo

**Tá an Chaibidil seo struchtúrtha ar bhealach ina ndéantar, in sna trí Chuid a leanas, ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige a mhionsonrú.**

# CUID A: IONCHUIR

## IONCHUIR SHEACHTRACHA

Cuirtear gníomhaíochtaí na hOifige maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht mhídhleathach agus neamfhreagrach chun cinn go méid substaintiúil, go díreach agus go hindíreach, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Is é sin feidhm toisc:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag líon páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúchóirí, scrúdaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann soláthar d'atreorú faisnéise, atá rúnda seachas sin, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin sa chás go meastar go bhfuil faisnéis den sórt sin ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas na príomh-ionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha le linn na bliana:

**Tábla 5: Ionchuir ó fhoinsí seachtracha**

| | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| **Tuairiscí reachtúla** | | | | |
| Tuairiscí (tosaigh) ó leachtaitheoirí (a682) | 426 | | 558 | |
| Tuairiscí (iardain) ó leachtaitheoirí (a682) | 243 | | 314 | |
| Iomlán tuairiscí ó leachtaitheoirí (a682) | 669 | 72 | 872 | 67 |
| Tuairiscí ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha (a723) | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Tuairiscí indíotáilte ó iniúchóirí (a393) | 75 | 8 | 105 | 8 |
| Tuairiscí ó scrúdaitheoirí (a534) | 15 | 1 | 27 | 2 |
| Tuairiscí indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla (a931) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Tuairiscí neamh-indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Tarchuir** | | | | |
| Tarchuir ó pháirtithe seachtracha | 10 | 1 | 12 | 1 |
| **Gearáin** | | | | |
| Gearáin ó bhaill den phobal | 149 | 16 | 254 | 19 |
| **Eile** | | | | |
| Nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014[14] | 1 | 1 | 8 | 1 |
| Iarratais a lorgaíonn athrú ar dheireadh na bliana cuntasaíochta[15] | 5 | 1 | 20 | 1 |
| Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha | 924 | 100% | 1,299 | 100% |

14. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar an Oifig a fhoilsiú de bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, leagtar amach é níos déanaí sa Chaibidil seo faoin gceannteideal Aschuir.
15. Alt 288(10)(c)

Tá tuilleadh eolais tugtha thíos ar na príomh-ionchuir sheachtracha a bhrúigh ar aghaidh gníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana.

## Tuaraiscí alt 682 leachtaitheoirí

### Réamhrá – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe leachtaitheoirí

Go hachomair, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach[16] leis an dlí[17] tuairisc a chur ar fáil don Oifig maidir leis na cúinsí lenar theip ar an gcuideachta agus ar iompar duine ar bith a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar shrianadh[18] gach duine de na stiúrthóirí, mura dtugann an Oifig faoiseamh dóibh ón oibleagáid sin[19].

Is iad seo a leanas aidhmeanna bunúsacha an chórais tuairiscithe reachtúil:

- méid áirithe cosanta a chur ar fáil don phobal trína chinntiú nach mbeidh daoine faoinar chinn an Ard-Chúirt nár fheidhmigh siad go hionraic agus/nó go freagrach an tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, maidir leis an tréimhse éigeantach cúig bliana um shrianadh, ábalta gníomhú ach mar stiúrthóirí ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais um chaipitliú; agus
- a chinntiú gur féidir le daoine a measadh gur fheidhmigh siad, sa tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, go hionraic agus go freagrach leanúint le bheith páirteach i ngníomhaíocht fiontraíochta trí chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna nó pionós.

Agus a ról á chomhlíonadh aici maidir leis sin, bíonn an Oifig ag súil le leachtaitheoir an fhaisnéis ar fad atá ábhartha le cinneadh iomchuí a dhéanamh a chur ar fáil di. Spreagann go leanúnach an Oifig leachtaitheoir chun moltaí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh maidir le faoiseamh/gan aon fhaoiseamh faoi threoir thorthaí a n-imscrúduithe.

Breithníonn an Oifig ar fhaoiseamh a thabhairt sa chás go gcuireann leachtaitheoir bonn cirt bunaithe ar fhianaise ar aghaidh le tacú le héileamh gur fheidhmigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á ndéanamh aige nó aici. Agus a cinntí á ndéanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach gcaithfidh stiúrthóir dul faoi ualach éisteacht na hArd-Chúirte gan ghá sa chás go bhfuil iompraíocht ionraice agus fhreagrach léirithe go soiléir aige nó aici agus gnóthaí an fhiontair ar theip air á ndéanamh aige nó aici. I ngníomh, feidhmíonn an Oifig mar scagaire chun réidh a fháil leis an ngá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna sin a ndealraítear fúthu nach dteastaíonn a haird.

Tá sé tábhachtach a shonrú áfach, nach hionann cinntí OSFC maidir le *'gan aon fhaoiseamh'* nó *'faoiseamh páirteach'* agus go bhfuarthas mí-ionracas nó neamhfhreagracht i dtaca leis na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí tátal nó líomhain dá leithéid a bhaint astu. Is cúrsa don Ard-Chúirt amháin é (i ndiaidh aighneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach a éisteacht) a chinneadh ar cheart nó nár cheart Dearbhú um Shrianadh a dhéanamh maidir le stiúrthóir cuideachta áirithe ar bith.

### Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Ó 2015, tá creat reachtúil i bhfeidhm faoinar féidir le daoine aonair, a d'fhéadfadh a bheith orthu dul os comhair imeachtaí Cúirte ina áit sin, dul chun na Cúirte a sheachaint trí aontú go deonach le srianadh nó dícháiliú de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanas dlíthiúil chuige sin a chur ar fáil).

Cuirtear rogha ar fáil san Acht do OSFC cibé acu Gealltanas a thairiscint nó gan Gealltanas a thairiscint. Ní mór tairiscint a dhéanamh san bhfoirm fhorordaithe, an leagan amach agus an t-ábhar atá ordaithe leis an Ionstraim Reachtúil (agus "Fógra" tugtha ar dhoiciméad na tairisceana). Ní mór breac-chuntas a leagan amach, *inter alia*, san Fhógra, maidir leis na cúinsí, na fíricí agus na líomhaintí lena mbunaítear na forais le haghaidh srianadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi na héifeachtaí dlíthiúla a bhaineann le Gealltanas don duine a sholáthraíonn é.

16. Bíonn cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sí ábalta a fhiacha a íoc nuair atá siad dlite
17. Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí 2014
18. Sa chás go bhfuil srian ar dhuine aonair faoi alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní fhéadfaidh léi/leis gníomhú ach mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais áirithe um chaipitliú. I gcás cuideachta poiblí tteoranta teastaíonn scairchaipiteal glaoite íosta €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is é €100,000 an figiúr comhfhreagrach.
19. Tá próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí léirithe sna trí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinneadh D/2002/3 arna fhorlíonadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag www.odce.ie

Níl oibleagáid ar bith ar fhaighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh (i.e., an Gealltanas a chur ar fáil). Mar sin féin, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir an tairiscint a ghlacadh, caithfidh siad é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a cheadódh OSFC). Le linn na tréimhse tairisceana sin, ní fhéadfaidh OSFC nó duine ar bith eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh maidir le srianadh agus dícháiliú fhaighteoir an Fhógra de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

Sa chás go gcinneann faighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh agus Foirm um Ghlacadh Gealltanais sínithe go cuí a chur ar ais, beidh siad faoi réir Dearbhú/Ordú um Shrianadh nó um Dhícháiliú ar an mbonn céanna is dá mba rud é gur fhorchuir an Ard-Chúirt srianadh nó dícháiliú. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí an srianta nó an dícháilithe ina chion coiriúil agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú arna bhforchur ag an gCúirt.

In ainneoin go bhféadfadh sé gur sholáthair stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais go deonach, féadfaidh siad fós, mar sin féin, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt – ag am ar bith le linn thréimhse an srianta nó an dícháilithe – ag lorg faoiseamh a fháil, go hiomlán nó i bpáirt, ó théarmaí an srianta nó an dícháilithe, de réir mar is infheidhme. Cé go mbreithneoidh OSFC iarratais ar bith den sórt sin de réir cáis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí faoi leith, ag féachaint don ghá seasamh le sláine an phróiseas, rachaidh OSFC, i bhformhór na gcásanna, i gcoinne iarratas dá leithéid.

Agus tagairt á déanamh do dhícháiliú, déantar foráil sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an uastréimhse don dícháiliú is féidir le OSFC a thairiscint trí Ghealltanas. Dá bhrí sin, i gcúinsí ina bhfuil sé de thuairim OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin níos mó ná cúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus chúinsí faoi leith gach cáis agus dlí-eolaíochta ábhartha ar bith), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, pléifear leis an gcúrsa trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.

Cinntíonn an creat gealltanas go ndéileáiltear le stiúrthóirí cuideachta, a ndeimhnítear gur sháraigh siad an tAcht agus a rachfar i mbun imeachtaí srianta nó dícháilithe ina leith, ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach riaracháin gan an gá a bheith leis go mbíonn na Cúirteanna bainteach. I ndiaidh gur chuir an OSFC an próiseas gealltanas i bhfeidhm, ghlac an OSFC le 569[20] gealltanas le haghaidh srianta agus dícháiliú suas go dtí an 31 Nollaig 2020. Cé go bhfuil ualach riaracháin suntasach breise ar an OSFC a eascraíonn as an bpróiseas seo, tá coigilteas substainteach costais agus ama mar thoradh air don leachtaitheoir agus na stiúrthóirí cuideachta a bhíonn i gceist, anuas ar an gcóras Cúirteanna.

### Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Faoi mar a fheictear ón Tábla thíos:

- léirigh líon iomlán na leachtaithe dócmhainneacha (i.e. creidiúnaithe agus leachtaithe Cúirte le chéile) ag 492 laghdú 8% ar 2019, agus
- tháinig laghdú 5% ar leachtuithe sócmhainneach, arbh ionann iad agus 74% de na leachtaithe go léir, thar leibhéil 2019.

**Tábla 6: Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2014 – 2020**

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leachtuithe creidiúnaithe | 929 | 746 | 581 | 613 | 475 | 474 | 443 |
| Leachtuithe Cúirte | 78 | 70 | 61 | 63 | 59 | 62 | 49 |
| **Iomlán leachtuithe dócmhannacha** | **1,007** | **816** | **642** | **676** | **534** | **536** | **492** |
| Leachtuithe Ball | 1,001 | 1,034 | 1,112 | 1,040 | 1,269 | 1,474 | 1,397 |
| **Iomlán leachtuithe sócmhannacha[21]** | **1,001** | **1,034** | **1,112** | **1,040** | **1,269** | **1474** | **1,397** |
| **Leachtuithe iomlána** | **2,008** | **1,850** | **1,754** | **1,716** | **1,803** | **2,010** | **1,889** |

20. Tá 478 Gealltanas Srianta, 26 Ghealltanas Dícháilithe agus 65 Gealltanas inar iontráil stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte i gceist leo.
21. Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sócmhainnigh (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

### Tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí a fuarthas – 2020

Faoi mar a fheictear ó Thábla 5, fuarthas 669 tuairisc alt 682 leachtaitheoirí san iomlán le linn na bliana (2019: 872), dá raibh:

- 426 díobh ina dtuairiscí tosaigh[22] (2019: 558); agus
- 243 díobh ina dtuairiscí ina dhiaidh sin[23] (2019: 314).

Cuirtear sonraí ar fáil sa Tábla thíos maidir le leithdháileadh earnála na gcuideachtaí i dtaca le tuairiscí tosaigh na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana.

**Tábla 7: Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí a fuarthas – 2020**

| Earnál | 2020 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | % | Uimhir | % |
| Mórdhíol & miondíol | 168 | 39 | 192 | 34 |
| Foirgníocht | 56 | 13 | 69 | 12 |
| Gnóthas pobail, sósialta & eile | 32 | 8 | 44 | 8 |
| Déantúsaíocht & priontáil | 22 | 5 | 27 | 5 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 66 | 15 | 72 | 13 |
| Margaíodh & bolscaireacht | 2 | 0 | 7 | 1 |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 13 | 3 | 34 | 6 |
| Teicneolaíocht & teileachumarsáid | 20 | 5 | 38 | 7 |
| Airgeadais & léasú | 26 | 6 | 39 | 7 |
| Iompar & dailiúcháin | 11 | 3 | 14 | 3 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 4 | 1 | 9 | 2 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 6 | 1 | 13 | 2 |
| **Iomlán** | **426** | **100%** | **558** | **100%** |

### Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

Bhí 87% de na tuairiscí a bhí dlite le linn na bliana faighte faoi dheireadh na bliana agus ní raibh ach 66 chéad tuairisc amuigh. Is íseal an leibhéal loiceadh leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin chuí, suas go dtí cúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh, a bheith mar thoradh ar sháruithe leanúnacha mar sin ar oibleagáidí reachtúla.

### Caighdeán um thuairisciú na leachtaitheoirí

Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe, measadh go raibh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana an-sásúil ar fad. Mar sin féin, ní raibh cáilíocht an tuairiscithe i gcásanna áirithe den chaighdeán a theastaigh. Sa chás go dtagann sé seo, déileálfaí leo thrí rannpháirtíocht leis na cleachtóirí ábhartha. Bheadh formhór na leachtaitheoirí sin ina mball gComhlacht Cuntasóireachta Forordaithe agus, mar sin, faoi réir maoirseachta ag a gcomhlachtaí gairmiúla.

22. Is éard is tuairisc tosaigh ann an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de sé mhí dá cheapachán/ceapachán. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt nó gan faoiseamh a thabhairt bunaithe ar an tuairisc seo.
23. I roinnt cásanna teastaíonn tuairisc ina dhiaidh sin a fháil ón leachtaitheoir nuair a bhíonn a (h)imscrúduithe curtha ar aghaidh níos faide. Sa chás go gceaptar go bhfuil gá le tuairisc ina dhiaidh sin, tugtar 'faoiseamh ag an am seo' maidir leis an tuairisc tosaigh de ghnáth.

### Cáilíocht le haghaidh ceapadh mar leachtaitheoir nó scrúdaitheoir

Tá alt 633 den Acht, lenar tugadh isteach rialacha úra le haghaidh cáilíocht le ghníomhú mar leachtaitheoir, ábhartha i gcomhthéacs an mhéid thuas chomh maith. Sainítear san Acht cúig chatagóir daoine aonair atá i dteideal gníomhú mar leachtaitheoir. Is iad sin:

i. comhaltaí Comhlacht Cuntasóireachta Forordaithe a bhfuil deimhniú cleachtais aige nó aici;

ii. aturnaetha a bhfuil deimhniú cleachtais acu;

iii. comhaltaí comhlachtaí gairmiúla ar bith eile atá aitheanta chun na críche sin ag an ÚMICÉ (ceann ar bith faoi láthair);

iv. daoine atá cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir i stát LEE[24] eile; agus

v. daoine a bhfuil taithí phraiticiúil acu ar fhoirceannadh agus eolas acu ar an dlí ábhartha roimh thosach feidhme an Achta.

Bhí iarratais ar údarú de bhun (v) thuas le bheith curtha faoi bhráid ÚMICÉ faoin 1 Nollaig 2017. D'údaraigh ÚMICÉ 22 duine aonair, ar an iomlán, faoin gcatagóir seo.

Chomh maith leis na ceanglais um cháilíocht atá forordaithe in alt 633, déantar foráil in alt 634 go gcaithfidh gach leachtaitheoir árachas slánaíochta gairmiúla ("ÁSG") imleor a bheith i bhfeidhm acu. D'eisigh an ÚMICÉ Rialacháin ina bhforordaítear an leibhéal riachtanach ÁSG a theastaíonn. Tá na Rialacháin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚMICÉ[25].

Déantar foráil i bhforáil ghaolmhar, alt 519 den Acht, nach féidir le duine gníomhú mar scrúdaitheoir ach amháin má tá siad cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir.

### Dáileadh earnála ionchur seachtrach eile (i.e. ionchuir sheachtracha seachas tuaraiscí alt 682 leachtaitheoirí)

Mar a fheictear ó Tábla 5, i gcomhiomlán b'ionann na hionchuir sheachtracha sin seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí agus 28% (2019: 33%) de na hionchuir sheachtracha a fuarthas le linn na bliana. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar dháileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile sin.

**Tábla 8: Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí**

| Earnáil | 2020 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 41 | 16 | 57 | 14 |
| Nach cuideachta ann | 36 | 14 | 81 | 19 |
| Airgeadais & léasú | 40 | 16 | 43 | 10 |
| Mórdhíol & miondíol | 7 | 3 | 32 | 8 |
| Foirgníocht | 10 | 4 | 23 | 5 |
| Margaíodh & bolscaireacht | 2 | 1 | 13 | 3 |
| Teicnólaíocht & teileachumarsáid | 18 | 7 | 30 | 7 |
| Déantúsaíocht & priontáil | 14 | 5 | 24 | 6 |
| Gnóthas pobail, sósialta & pearsanta | 29 | 11 | 49 | 12 |
| Árachas, sláinte & obair shósialta | 7 | 3 | 18 | 4 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 16 | 6 | 10 | 2 |
| Iompar & dailiúcháin | 7 | 3 | 25 | 6 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 8 | 3 | 6 | 1 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 4 | 2 | 6 | 1 |
| Earnáil ghnó eile | 16 | 6 | 10 | 2 |
| **Iomlán** | **255** | **100%** | **427** | **100%** |

24. An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (Stáit an AE móide Lichtinstéin, an Íoslainn agus an Iorua)
25. http://iaasa.ie/getmedia/1a9c9ab1-994e-4491-8f6c-6d8a40d27f64/S-I-No-127-of-2016.pdf

## Gearáin

Faigheann an Oifig líonta suntasacha gearán ó bhaill den phobal gach bliain. Le linn na bliana fuarthas 149 gearán ar an iomlán (2019: 254), arbh ionann é sin agus 16% (2019: 19%) de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

**Tábla 9: Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)**

| | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/Urghnácha | 22 | 15 | 25 | 10 |
| Iompar stiúrthóra (dualgais & chomhdú) | 20 | 13 | 44 | 17 |
| Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/calaoiseach/dócmhainneach | 24 | 16 | 39 | 15 |
| Líomhaintí brionnú/faisnéis/doiciméidí bhréige a thabhairt | 15 | 10 | 27 | 11 |
| Bainteach le fiachas gan íoc | 9 | 6 | 6 | 2 |
| Rochtain ar thaifid chuntasaíochta / miontuairiscí cruinnithe | 2 | 1 | 7 | 3 |
| Bainteach le clár na gcomhaltaí | 11 | 8 | 16 | 6 |
| Bainteach le iniúchadh/iniúchóir | 9 | 6 | 12 | 5 |
| Bainteach le glacadóireacht | 2 | 1 | 2 | 1 |
| Saincheisteanna bainteach le seoladh | 13 | 9 | 24 | 9 |
| Saincheisteanna ginearálta cearta scairshealbhóirí | 3 | 2 | 5 | 2 |
| Ag gníomhú mar stiúrthóirí le linn bheith féimheach/srianta/ dícháilithe | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte den Chlár/díscaoilte | 3 | 2 | 9 | 4 |
| Bainteach le úsaid míchuí den focail "Teoranta" | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Leachtú/gníomhaíocht athbheochana | 12 | 8 | 10 | 4 |
| Eile | 3 | 2 | 27 | 10 |
| Iomlán | 149 | 100% | 254 | 100% |

## Tuairiscí cionta indíotáilte iniúchóirí

### Réamhrá – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe iniúchóirí

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, sa chás, agus iniúchadh á dhéanamh acu agus de bhun iniúchadh a bheith á dhéanamh acu, go bhfaigheann iniúchóirí cuideachta faisnéis óna dtagann siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaí de chuid na cuideachta, cion indíotáilte faoin Acht, go bhfuil ceangal ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú don OSFC.

### Cineál na gcionta amhrasta a tuairiscíodh

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuarthas 75 (2019: 105) tuairisc um chionta indíotáilte ar an iomlán ó iniúchóirí. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar chineál na gcionta amhrasta a cuireadh in iúl sna tuairiscí sin. Ba cheart a shonrú nach dtagann líon na dtuairiscí a fuarthas le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc go raibh tagairt déanta do níos mó ná cion amhrasta amháin sna tuairiscí i roinnt cásanna.

**Tábla 10: Anailís ar chionta indíotáilte a rabhthas in amhras orthu a thuairiscigh iniúchóirí**

| | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| Sárú iasachta stiúrthóirí | 17 | 23 | 25 | 24 |
| Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil | 4 | 5 | 5 | 5 |
| Ráitis bhréigeach a sholáthair d'iniúchóirí | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Saincheisteanna bainteach le rochtain ar thaifid chuntasaíochta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gan díolúine iniúchta ar fail | 3 | 4 | 0 | 0 |
| Oibleagáid Ráitis Airgeadais Ghrúpa a ullmhú | 2 | 3 | 2 | 2 |
| Ráitis airgeadais d'eintitis | 45 | 60 | 72 | 68 |
| Falsú leabhair nó doiciméad | 3 | 4 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **75** | **100%** | **105** | **100%** |

## Tuairiscí na Scrúdaitheoirí

De bhun alt 534(6) den Acht, sa chás go gceaptar scrúdaitheoir ar chuideachta, soláthróidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh é a ullmhú, cóip dá thuairisc nó dá tuairisc don OSFC. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuarthas 15 tuairisc den sort sin (2019: 27).

## Tarchuir

Faoi mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne lena gceadaítear malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí eile. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig seo atreoruithe ó chomhlachtaí reachtúla agus ó eintitis eile ó am go chéile. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 10 (2019: 12) tarchuir dá leithéid ó roinnt foinsí.

## Tuairiscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla

### Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (“CCAanna”)[26]

Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina chomhalta de CCA, ceanglaítear ar CCA an cheist a thuairisciú don Oifig[27]

### Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFGanna”)

Sa chás go bhfaigheann Coiste nó Binse Araíonachta CFG nár choinnigh comhalta a bhfuil scrúdaitheoireacht nó glacadóireacht ar bun aige nó aici taifid chuí, nó má tá forais réasúnta acu a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag an gcomhalta le linn crúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar an CFG lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig.

Meastar na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe bheith mar sin de bhuan aitheantas an ÚMICÉ dóibh mar sin de réir chuid 15 den Acht.

Tagraíonn *“Comhlacht forordaithe gairmiúil”* i dtaca le hailt 448, 558 agus 688 do Choiste Araíonachta nó do Bhinse le Comhlacht gairmiúil forordaithe a bhfuil baint aige le halt 633 (a leagan síos cáilíochtaí chun scrúdaitheoirí agus glacadóirí a cheapadh).

Is iad seo a leanas na comhlachtanna úd:

- CCDC – Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
- CCI – Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB – Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC – Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta
- ICAEW – Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana & sa Bhreatain Bheag
- ICCÉ – Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICAS – Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain
- ICDPÉ – Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn
- Dlí-Chumann na hÉireann

Tháinig Rialacháin I.R. Uimh. 570 de 2018 Acht na gCuideachtaí (Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla) 2018 i bhfeidhm an 19 Nollaig 2018 a bhforordaítear comhlachtaí gairmiúla de bhun Ailt 448 agus 558 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Cumhdaíonn na rialacháin oibleagáidí tuairiscithe comhlachtaí gairmiúla nuair a bhraitheann a mbaill mí-iompar fad a ghníomhaíonn siad mar Ghlacadóirí nó Scrúdaitheoirí. Ní bhfuarthas aon tuairiscí den chineál seo ó CFGanna i rith na bliana (2019: 0).

26. Is éard is CCA ann comhlacht cuntasaíochta a bhfuil cead aige údarú a thabhairt dá chomhaltaí agus dá bhallghnólachtaí, ar an gcoinníoll gur shásaigh na comhaltaí sin critéir áirithe, chun gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé CCA ann, i.e., an:
    - Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
    - Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
    - Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW)
    - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
    - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain (ICAS)
    - Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Corpraithe (ICPC)
27. Alt 931(4) den Acht

### Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraítear go raibh iar-oifigeach nó oifigeach reatha ar bith de chuid na cuideachta lena mbaineann cionta as cion i dtaca leis an gcuideachta, tuairisc a thabhairt don SIP agus an cheist a chur ar aghaidh chuig OSFC chomh maith. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, sócmhainneach agus dócmhainneach araon, (i.e. leachtú na gComhaltaí agus leachtú Deonach na gCreidiúnaithe agus leachtú Cúirte araon) mar an gcéanna. Le linn na bliana, ní bhfuarthas tuairisc amháin den sórt sin (2019: 0).

### Nochtuithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014[28]

In alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuairisc é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuairisc thuasluaite:

i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh a iarrfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe ó am go ham.

Leagtar amach tuairisc na hOifige faoi alt 22 in Aguisín 3 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

## IONCHUIR INMHEÁNACHA

### Réamhrá

Mar a fheicfear ón gcuid thuas den Chaibidil seo, tá an méid ionchur seachtrach a fuarthas den leithéid go osclaítear an chuid is mó comhaid chásanna mar fhreagra ar a dtugtar “ionchuir sheachtracha”, m.sh., tuairiscí iniúchóra, tuairiscí leachtaitheora agus gearáin ón phobail. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ar a dtugtar “ionchuir inmheánacha” chomh maith trí chur chuige réamhghníomhach maidir le forfheidhmiú an Achta.

Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le cineál agus comhdhéanamh ionchur inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí comhlíonta agus/nó forfheidhmithe ar leith na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar timthriall ar leith;
- saincheisteanna téamacha agus/nó saincheisteanna aonuaire arna n-eascairt;
- acmhainní foirne atá ar fáil agus na tacair shainscileanna lena mbaineann; agus
- fíricí agus cúinsí ábhartha eile.

Dá bhrí sin, is féidir raon ionchur inmheánach a bheith ann, trasna ceannteidil fhorfheidhmithe éagsúla. Áirítear ar shamplaí léiritheacha:

- gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine, m.sh., daoine ar féimheacha neamhscaoilte, srianta nó dícháilithe iad;
- fiosrúcháin shibhialta nó fiosrúcháin coiriúla arna dtosú as a tionscnamh féin;
- gníomhaíochtaí i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú/iompar leachtaitheora.

28. Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/pdf

### Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go raibh daoine arbh féimheacha neamhscaoilte, dícháilithe nó srianta iad ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí nó i róil shonracha eile (amhail mar iniúchóirí) ce nach raibh cead acu sin a dhéanamh (nó, i gcás daoine srianta, ach amháin faoi réir coinníollachta áirithe).

### Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a tionscnamh féin

Faoi mar a léiríodh thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosrúcháin agus imscrúduithe ar a tionscnamh féin sa chás go meastar go bhfuil gá leis sin nó go bhfuil sé riachtanach ag féachaint do na fíricí agus na cúinsí bunaidh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith ina spreagthaigh do ghníomhaíochtaí dá leithéid:

- ceisteanna a aithnítear go hinmheánach;
- ceisteanna a atreoraítear go hinmheánach (i.e., idir Aonaid);
- ceisteanna a aithnítear de bhun athbhreithniú ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- ceisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú na bpáipéar, an idirlíon, na meáin shóisialta etc.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunaidh, d'fhéadfaí fiosrúcháin agus imscrúduithe na hOifige a chur ar aghaidh tuilleadh trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe sna Gardaí atá tugtha ar iasacht don Oifig trí bhua na n-oifigeach sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána.

### Cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte

Tugann an Oifig *"cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte"* ar na cuideachtaí seo a leanas:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár toisc gur theip orthu a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- a raibh dliteanais acu an dáta ar baineadh den chlár iad, cibé acu dliteanais iarbhír, theagmhasacha nó ionchasacha.

Is faoin Oifig atá sé iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachta dá leithéid a baineadh den Chlár[29]. Mar sin féin, foráiltear sa dlí[30] chomh maith nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a léiríonn don Chúirt nach raibh dliteanais ar bith ag an gcuideachta nuair a baineadh den Chlár í nó gur urscaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú. Agus an smachtbhanna atá le forchur á bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina áit sin srian[31] a chur ar an stiúrthóir (na stiúrthóirí) sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil gá le dícháiliú faoi na cúinsí faoi leith[32].

Sa chás go bhfuil fianaise ann go raibh cuideachta dócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas an Oifig breathnú ar fhéachaint le stiúrthóirí na cuideachta a dhícháiliú. Is é an fáth leis sin, trí chead a thabhairt chun an chuideachta a bhaint den Chlár, seachnaíonn na stiúrthóirí an chuideachta a thabhairt chun críche ar an dóigh cheart, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta mionscrúdú ar a n-iompraíocht arna sholáthar le halt 682 den Acht.

Sa chás go measann an Oifig go bhfuil stiúrthóir faoi dhliteanas dícháilithe sna cúinsí sin, féadfaidh sí deis a thairiscint don duine aonair lena mbaineann le Gealltanas um Dhícháiliú a chur isteach ar bhonn deonach. I gcomhthéacs an mhéid thuas, rud fiúntacha eile ná, sa chás go mbaintear cuideachta den Chlár, déantar na sócmhainní atá fágtha aici a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

I rith 2020, d'aithin agus scrúdaigh an Oifig gníomhartha stiúrthóirí 24 gcuideachta a baineadh den Chlár fad a raibh dliteanais nach beag fós le híoc acu. Mar thoradh ar an scrúdú a rinneadh ar na cásanna sin, ina raibh 66 cuideachta dícheangailte, dícháilíodh 18 stiúrthóir. D'eascair na dícháiliúcháin seo go léir de bhun Ghealltanas Dícháiliúcháin a tugadh de bhun alt 851 den Acht. Féach Aguisín 5 le haghaidh sonraí faoi stiúrthóirí a dícháilíodh le linn 2020.

29. Alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014
30. Alt 843(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014
31. Alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014
32. Alt 845(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

### Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora

Is ceann de príomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra ná:

**"...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo".**[33]

Cé go dtugtar modh don Oifig le próiseas alt 682, faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, maoirseacht neamhdhíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'obair na leachtaitheoirí, ó am go chéile breathnaíonn an Oifig go bhfuil sé cuí nó riachtanach a bheith páirteach i maoirseacht níos dírí ar obair na leachtaitheoirí. Tugtar éifeacht don mhaoirseacht níos dírí seo trí na cumhachtaí a thugtar le hAlt 653 den Acht a fheidhmiú[34].

Déantar foráil in alt 653 den Acht gur féidir leis an Stiúrthóir:

- táirgeadh leabhair leachtaitheora a iarraidh, dá thionscnamh féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí cuideachta, chun iad a scrúdú – maidir le próiseas leachtaithe faoi leith, nó maidir le gach leachtú a rinne an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar cheisteanna ar bith a bhaineann le hábhar leabhar dá leithéid a iarraidh, chomh maith leis a mhéid cuidithe is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt go réasúnta maidir leis an gceist.

Tá cosaintí agus teorainneacha áirithe ag gabháil leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 653, i.e.:

- ní mór don Oifig an chúis (na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh a chur in iúl don leachtaitheoir freagróra; agus
- ní fhéadfar iarratas a dhéanamh i dtaca le leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná sé bliana roimh an iarratas.

### Candam na n-ionchur inmheánach – 2020

Le linn 2020, gineadh 23[35] (2019: 43) ionchur inmheánach ar an iomlán.

# CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, osclaítear comhad cáis mar thoradh ar ionchuir, bídis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha. I gcás tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí, cuirtear cásanna i gcrích go ginearálta sa chás go ndearnadh cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir nó gan faoiseamh a thabhairt dó nó dí ón oibleagáid srianadh/dícháiliúcháin stiúrthóirí na cuideachta a fháil, agus sa chás go dtugtar faoiseamh, dúntar an comhad de ghnáth.

Sa chás nach dtugtar faoiseamh, nó nach dtugtar ach faoiseamh páirteach (i.e., go dtugtar é maidir le cuid de na stiúrthóirí, ach ní iad ar fad), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrthóir (na stiúrthóirí) ábhartha chun Gealltanas um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a sholáthar. Mura ghlactar tairiscint um Ghealltanas (nó mura bhfuil tairiscint um Ghealltanas oiriúnach, i measúnú na hOifige), beidh ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt. Déanann an Oifig monatóireacht ar an dul chun cinn trí na Cúirteanna ar na himeachtaí ábhartha um shrianadh nó um dhícháiliú agus déantar an toradh a thaifeadadh a luaithe is a chinntear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú chomh maith, áfach, ó am go chéile nuair a thugann sí buarthaí faoi deara maidir le, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach maidir le sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach maidir le leachtú a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnta.

33. Alt 949(1)(e) d'Acht na gCuideachtaí 2014
34. Cuimsíonn alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí
35. Bainteach leis na catagóirí leathana um cheisteanna féimheachta, dícháiliúcháin, srianadh agus scrúdaitheoireacht.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúchóirí, gearáin ón phobail, nochtadh cosanta, atreoruithe etc., osclaítear comhad agus déantar mionscrúdú ar an ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an cheist í a thagann faoi shainchúram na hOifige nó nach ea. Ó sin amach, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, le modhanna dul chun cinn lena n-áirítear, mar shampla:

- buaileadh leis an ngearánaí, ag féachaint de ghnáth le tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a bhfuil gearán á ndéanamh fúthu;
- buaileadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí na stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
  - » cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a tháirgeadh;
  - » cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh leabhair agus doiciméidí na cuideachta a tháirgeadh;
  - » leachtaitheoirí le haghaidh a leabhair agus a ndoiciméidí a tháirgeadh, i.e., leabhair agus doiciméidí an leachtaitheóra féin seachas iad na gcuideachta á leachtú (a d'fhéadfadh, go comhthreomhar, a lorg);
  - » iniúchóirí ag éileamh soláthar faisnéis fhorlíontach maidir le tuairisc chion indíotáilte a fuarthas;
  - » daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúchóirí maidir le táirgeadh fianaise ar a gcáilíochtaí;
  - » féimhigh a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí agus rúnaithe gcuideachtaí, ag lorg ráiteas faoi mhionn maidir le stádas dócmhainneachta; agus
  - » leachtaitheoirí a gceanglaítear orthu go gcomhdaíonn siad tuairiscí alt 682 amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a dhéanamh, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú etc.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú leis an Oifig ina gcuid fiosrúchán, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt.

Nuair a chríochnaítear fiosrúcháin na hOifige, déantar cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht is fearr a dhéanfar. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith san áireamh leis sin:

- an cinneadh gan gníomhaíocht ar bith eile a dhéanamh (mar shampla, sa chás go dtugtar le fios trí fhiosrúcháin nár sáraíodh an dlí cuideachtaí nó sa chás nach bhfuil i gceist ach mionsárú agus go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, dár réir sin, neamh-chomhréireach);
- cinneadh gan gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh an t-am seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint ina sonraítear má tharlaíonn sé arís go dtapófar gníomhaíocht forfheidhmiúcháin (mar shampla, sa chás gur ceartaíodh agus/nó gur feabhsaíodh an sárú chun sástacht OSFC);
- cúrsaí a bhaineann le sainchúraim faoi seach údarás reachtúil nó comhlachtaí gairmiúla eile a atreorú chucu;
- eisiúint ordacháin sibhialta, m.sh., treoracha do chuideachtaí agus/nó a gcuid stiúrthóirí á cheangal ar leigheas mainneachtainí luaite laistigh de fhrámaí ama a fhorordaít;
- tionscnamh imeachtaí sibhialta, i.e., iarratais Cúirte d'fhonn na leigheasanna sonraithe;
- tionscnamh imeachtaí coiriúla achoimre nó tharchuir chuig an SIP lena mbreithniú maidir lenar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas maidir le líonta na gcásanna a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Tá sonraí maidir leis an hionchuir a shreabhann ó phróiseáil líonta na gcásanna éagsúla mionsonraithe sa chéad roinn eile den Chaibidil seo.

**Tábla 11: Tréchur thuairiscí 682 na leachtaitheoirí – 2020**

| | |
|---|---|
| Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 1 Eanáir, 2020 | 299 |
| Gach tuairisc nua a fuarthas i 2020 | 669 |
| Lúide: Tuairiscí ar a rinneadh cinntí i 2020 | 810 |
| Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 31 Nollaig, 2020 | 158 |

**Tábla 12: Tréchur cásanna eile – 2020**

| | |
|---|---|
| Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2020 | 194 |
| Cásanna nua a osclaíodh i 2020 | 278 |
| Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2020 | 223 |
| Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2020 | 249 |

# CUID C: ASCHUIR

## Bearta agus aschur forfheidhmithe a bhaineann le dócmhainneacht a eascraíonn as tuairiscí leachtaitheora alt 682 agus as scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte

### Aschuir ó phróiseas alt 682 (i.e., tuairisciú leachtaitheora)

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (i.e. cinntí seachas *'Faoiseamh ag an am seo'* a thabhairt) maidir le 531 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2020 (2019: 632), agus rinneadh 279 cinneadh eile chun *'Faoiseamh ag an am seo'* a thabhairt (2019: 331).

As na 531 cinntí cinntitheacha a rinneadh le linn 2020, rinneadh 421 díobh san iomlán maidir le tuairiscí tosaigh (2019: 498), agus rinneadh 110 ceann eile díobh maidir le tuairiscí ina dhiaidh sin (2019: 134).

Tá anailís déanta ar na cinntí a rinneadh maidir le tuairiscí tosaigh agus tuairiscí ina dhiaidh sin faoi seach i dTáblaí 13, 14 agus 15 thíos.

**Tábla 13: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le gach tuairisc alt 682 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[36] | 466 | 58 | 525 | 55 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[37] | 46 | 6 | 75 | 8 |
| Faoiseamh páirteach[38] | 19 | 2 | 21 | 2 |
| Faoiseamh ag an am seo[39] | 279 | 34 | 331 | 35 |
| **Iomlán** | **810** | **100%** | **952** | **100%** |

**Tábla 14: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[36] | 384 | 74 | 448 | 73 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[37] | 28 | 5 | 34 | 5 |
| Faoiseamh páirteach[38] | 9 | 2 | 10 | 2 |
| Faoiseamh ag an am seo[39] | 97 | 19 | 124 | 20 |
| **Iomlán** | **518** | **100%** | **616** | **100%** |

**Tábla 15: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin alt 682 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh | 2020 | % | 2019 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[36] | 82 | 28 | 77 | 23 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[37] | 18 | 6 | 41 | 12 |
| Faoiseamh páirteach[38] | 10 | 3 | 11 | 4 |
| Faoiseamh ag an am seo[39] | 85 | 62 | 207 | 62 |
| **Iomlán** | **195** | **100%** | **336** | **100%** |

36. Deonaítear faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
37. Níor deonaítear faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
38. Deonaítear faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
39. Deonaítear 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn/críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' deonaithe, tá ceangal ar an leachtaoiteoir tuairisc nua a thabhairt isteach.

## Líon iomlán na stiúrthóirí cuideachta a chuireadh srianta orthú agus a dhícháilíodh le linn na bliana 2020

Cuireadh srianta ar 73 stiúrthóir (2019: 102) san iomlán agus dícháilíodh 14 stiúrthóir (2019: 12) (de bhun Gealltanais nó Orduithe Cúirte). Ina theannta sin, dícháilíodh 18 stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte trí Ghealltanais Dícháiliúcháin (2019: 22). Tá tuilleadh sonraí faoi na hOrduithe a rinne an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí agus de bhun Gealltanais ar fáil in Aguisíní 4 agus 5.

Tharla an laghdú ar líon na stiúrthóirí a gearradh pionós orthu maidir leis an mbaint acu le cuideachtaí dócmhainneacha mar thoradh ar mheascán cúinsí. Ina measc siúd, tá an laghdú foriomlán ar líon na gcuideachtaí ag dul faoi leachtú dócmhainneach le blianta beaga anuas agus an titim dá bharr sin i líon na dtuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas; agus tionchar na srianta sláinte poiblí ar ghníomhaíochtaí leachtaitheoirí.

### Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Faoi mar atá sonraithe níos luaithe sa Chaibidil seo, i ndiaidh thosach feidhme an Achta seo an 1 Meitheamh, 2015, thug an Oifig nós imeachta úr isteach lenar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, maidir lena bhfuil cinneadh déanta ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt dá Srianadh, chun Gealltanas um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a chur isteach go deonach.

I rith 2020, tar éis breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí ar chuideachtaí dócmhainneach faoi leachtú, cuireadh Gealltanais Srianta ar tairiscint do 67 stiúrthóir agus cuireadh Gealltanais Dícháilithe ar tairiscint do seachtar stiúrthóir.

Leagtar amach sa tábla thíos roinnt tairiscintí Gealltanais a eisíodh i rith 2020, anuas ar shonraí faoin líon tairiscintí ar glacadh leo agus nár glacadh leo ag deireadh na bliana. As na tairiscintí Gealltanais Srianta a rinneadh le 64 stiúrthóir i rith 2020, glacadh le 50 ceann. Anuas air sin, glacadh le trí thairiscint bhreise Gealltanais Srianta a rinneadh in 2019 agus ar feitheamh an 1 Eanáir, a mhéadaigh an líon iomlán stiúrthóirí a bhí Srianta ag Gealltanais in 2020 aníos go dtí 53.

**Tábla 16: Tairiscintí ghealltainais a eisíodh chuig stiúrthóirí in 2019 agus a nglactar leo/nár glacadh leo in 2020**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | Stiúrthóirí | Stiúrthóirí |
| **Srianta:** | | |
| Líon na dtairiscintí a eisíodh | 67 | 112 |
| Líon na dtairiscintí a glacadh | 53 | 83 |
| Líon na dtairiscintí nár glacadh | 17 | 29 |
| **Dícháiliúcháin:** | | |
| Líon na dtairiscintí a eisíodh | 7 | 11 |
| Líon na dtairiscintí a glacadh | 3 | 8 |
| Líon na dtairiscintí nár glacadh | 4 | 3 |

### Iarratais na Leachtaitheoirí leis an gCúirt

Faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár thug an Oifig faoiseamh agus sa chás nár tairgeadh nó nár glacadh cuiridh chun Gealltanais a chur isteach, ceanglaítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun na stiúrthóirí cuideachta ábhartha a shrianadh nó a dhíchailiú. Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí 21 stiúrthóir san iomlán a dhiúltaigh dul i mbun Gealltanais maidir le cinntí a rinneadh i rith na bliana os comhair imeachtaí den sórt sin.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, ag aon tráth amháin, go mbíonn líon suntasach stiúrthóirí cuideachta faoi réir imeachtaí srianta nó dícháilithe roimh an Ard-Chúirt. Tá cohórt breise stiúrthóirí nár cuireadh Gealltanais ar tairiscint dóibh nó nár ghlac le Gealltanais, roimh 2020, faoi réir imeachtaí srianta nó dícháilithe go fóill.

Leagtar amach sa tábla thíos sonraí faoi thorthaí iarratais leachtaitheoirí leis an Ard-Chúirt i rith na bliana.

**Tábla 17: Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2020**

| | 2020 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| | Cásanna | Stiúrthóirí | Cásanna | Stiúrthóirí |
| Dearbhaithe um Shrianadh deonta | 12 | 20 | 11 | 19 |
| Orduithe Dícáiliú deonta | 8 | 11 | 3 | 4 |
| Gan Orduithe nó Dearbhaithe deonta | 1 | 3 | 2 | 4 |

## Firicí agus cúinsí a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh agus a mheas an OSFC agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint

Tá leagtha amach thíos samplaí léiritheacha de na cineálacha saincheisteanna a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh nó a thug an OSFC aird orthu agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint agus ar glacadh Gealltanais mar fhreagra orthu. Ina measc seo tá cás Westman Plant and Civils Limited (faoi leachtú), inar thug an Ard-Chúirt an tréimhse dícháiliúcháin is faide a forchuireadh riamh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 5.

### WESTMAN PLANT AND CIVILS LIMITED (FAOI LEACHTÚ)
### DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓRA AR FEADH 14 BHLIAIN AGUS 3 MHÍ

Dícháilíodh an t-Uasal Kevin Rabbitte, stiúrthóir Westman Plant and Civils Limited (faoi leachtú) ó fhreastal mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse **14 bliana agus 3 mhí**. Sí seo an tréimhse dícháiliúcháin is faide a ghearr an Ard-Chúirt riamh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Ina theannta sin, d'ordaigh an Chúirt gur chóir go mbeadh an t-Uasal Rabbitte faoi dhliteanas pearsanta as €1.5m d'fhiachais na cuideachta.

Leagadh amach sonraí an cháis i mbreithiúnas a tugadh ar an 30 Eanáir na bliana 2020[40]. Luaigh an breithiúnas gur chuala an Chúirt go raibh an chuideachta ag gabháil do chalaois CBL laistigh den Chomhphobal a bhí bunaithe ar thrádálaí nach raibh ann in aon chor. Thuairiscigh an leachtaitheoir gur baineadh úsáid as uimhir CBL na cuideachta chun earraí ar luach os cionn €8m iad a cheannach laistigh den Chomhphobal agus i ndíolachán na n-earraí seo sa Stát. In ainneoin an CBL a ghearradh ar a leithéid de dhíolacháin, níor íocadh aon CBL agus rinneadh tuairisceáin bhréige CBL a bhí ag taispeáint dliteanas nialais ar feadh shaolré uile na cuideachta. Dar leis an mbreitheamh, **"...the only trade engaged in by the company has been the business of fraud"**.

40. Myles Kirby (In his Capacity as Official Liquidator of Westman Plant and Civild Ltd (in liquidation)) v Rabbitte (2020) IEHC 703 (Neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, O'Moore J. 30 Eanáir 2020) https://www.courts.ie/search/judgments/%22westman%20type%3AJudgment%22%20AND%20%22filter%3Aalfresco_radio.title%22

## SAMPLAÍ EILE INAR DÍCHÁILÍODH STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA AG AN ARD-CHÚIRT AGUS AG AN OSFC TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS GEALLTANAIS DÍCHÁILÍOCHTA

### Cuideachta A

Scrúdaíodh gníomhartha beirt stiúrthóirí cuideachta dócmhainneach díscaoilte (sé sin, cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí de réir alt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Scrúdaíodh gach cuideachta eile a raibh baint ag stiúrthóirí na cuideachta seo leo agus, astu sin, baineadh ceithre chuideachta eile go neamhdheonach as Clár na gCuideachtaí toisc nár chomhdaigh siad tuairisceáin bhliantúla. Fuair scrúdú ar na tuairisceáin bhliantúla ba dhéanaí a comhdaíodh i leith na gcuideachtaí seo go raibh creidiúnaithe ar luach €3.7m san iomlán ar na Cláir Chomhardaithe. I gcás ceann de na cuideachtaí, cláraíodh dhá bhreithiúnas neamhíoctha ina choinne chomh maith le 11 chúiseamh neamhíoctha. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na bhfigiúirí seo agus níor ghlac siad bearta feabhais chun iad a cheartú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

### Cuideachta B

Fuair scrúdú ar ghníomhaíochtaí beirt stiúrthóirí ar chuideachta dócmhainneach díscaoilte amach gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú i leith dhá chuideachta a raibh siad ina stiúrthóirí orthu. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don OSFC go raibh loiceadh thart ar €250,000 i gcáin ann, gan ús a áireamh, i leith ceann de na cuideachtaí. Dar leis na tuairisceáin bliantúla deireanacha a comhdaíodh i leith ceann de na cuideachtaí, bhí creidiúnaithe ar luach iomlán níos mó ná €5m iontu. Theip ar an dara cuideachta aon tuairisceáin bhliantúla a chomhdú riamh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Léirigh fiosrúcháin ina leith go raibh 14 chúiseamh neamhíoctha cláraithe i gcoinne ceann de na cuideachtaí. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na bhfigiúirí seo agus níor ghlac siad bearta feabhais chun iad a cheartú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

### Cuideachta C

Chuaigh cuideachta a bhí ag trádáil san earnáil deisiúcháin gluaisteán faoi leachtú i rith na bliana 2019. Theip ar a beirt stiúrthóir an chuideachta a leachtú go tráthúil agus lean said ag trádáil ar feadh tréimhse fada agus í dócmhainneach. Níor chloígh na stiúrthóirí lena gcuid dualgas tuairiscithe do na Coimisinéirí Ioncaim, níor éirigh leo cánacha a íoc mar a bhí siad dlite thar thréimhse fhada agus lig siad dá ndliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a charnadh ar luach níos mó ná €100,000. Chomh maith le sin, tuairiscíodh gur theip ar na stiúrthóirí leabhair agus taifid cheart a choinneáil agus gur bhain siad úsáid as cuntas bainc pearsanta le haghaidh ioncaim ó dhíolacháin a ghlacadh agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na cuideachta. Thug tuarascáil an leachtaitheora le fios go raibh stiúrthóir amháin ag sárú alt 239 den Acht trí shuimeanna suntasacha a bhaint den chuideachta ag am nuair ba cheart an airgead seo a úsáid chun dliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a íoc. Ghlac duine de na stiúrthóirí le Geallúntas Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse cúig bliana.

### Cuideachta D

Leachtaíodh cuideachta san earnáil seirbhísí cothabhála réadmhaoine sa bhliain 2019 ag an Ard-Chúirt tar éis achainí ó na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar stiúrthóir na cuideachta a cuid dliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a íoc de réir mar a bhí siad dlite. B'ionann luach iomlán na ndliteanas CBL agus ÍMAT nár íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim os cionn €250,000. Thuairiscigh an leachtaitheoir chomh maith nár íocadh €40,000 i gcánacha a bhaineadh ó phá na bhfostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Lig an stiúrthóir don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil nuair a bhí fios aige, nó ba chóir ná go mbeadh fios aige, go raibh sí dócmhainneach, gur theip air na leabhair agus na taifid a gcoimeád i gceart agus gur dhiúltaigh sé chomhoibriú leis an leachtaitheoir. Ghlac an stiúrthóir seo le Geallúntas Dícháiliúcháin ar feadh tréimhse cúig bliana.

## Fíricí agus cúinsí a bhreithnigh an OSFC i dtaobh Gealltanais Srianta a thairiscint

Leagtar amach thíos samplaí de na saghsanna saincheisteanna a an OSFC aird orthu i dtaobh gealltanais a thairiscint agus ar glacadh mar fhreagairt dóibh. I ngach cás, tá feidhm ag an srian ar feadh na tréimhse caighdeánaí cúig bliana.

D'eascair na hOrduithe/Gealltanais tar éis don OSFC tuarascálacha alt 682 a bhreithniú agus, nuair ba ghá, tar éis don OSFC faisnéis bhreise agus/nó soiléiriú a lorg agus a fháil. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 4.

## SAMPLAÍ INAR GHEARRADH SRIANTA AR STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA AG AN OSFC TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS GEALLTANAIS SRIANTA

### Cuideachta E

Chuaigh cuideachta a bhí éadaí speisialaithe á táirgeadh aici faoi leachtú go déanach sa bhliain 2018. Bhí easnamh nach mór luach €500,000 ag an gcuideachta nuair a leachtaíodh í. Bhí fiacha ar luach thart ar €175,000 dlite ag an gcuideachta do chreidiúnaithe trádála agus thart ar €185,000 eile do na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar bheirt stiúrthóirí ainmnithe na cuideachta an chuideachta a fhoirceannadh go tráthúil agus lig siad don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil ar feadh tréimhse fada agus í dócmhainneach. Cheadaigh na stiúrthóirí diúscairt sócmhainní na cuideachta gan luach ar bith. Fuarthas amach go raibh duine eile tar éis gníomhú mar scáth-stiúrthóir. Ghlac an triúr stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

### Cuideachta F

Chuaigh cuideachta san earnáil fáilteachais faoi leachtú go déanach i 2019. Bhí thart ar €160,000 mar easnamh deiridh aici ag am an leachtaithe d'ainneoin láimhdeachas réasúnta beag a bheith aici. Thuairiscigh an leachtaitheoir go raibh an chuideachta dócmhainneach le linn a staire uile agus gur thrádáil sí go dócmhainneach ar feadh tréimhse fada. Fuair an leachtaitheoir amach nach raibh stiúrthóir na cuideachta ag cloí lena dhualgais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim nó i leith na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Bhí thart ar €90,000 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim ag dáta an leachtaithe. Ghlac an stiúrthóir le Geallúntas Srianta (cúig bhliain).

### Cuideachta G

Chuaigh cuideachta a bhí ag allmhairiú gluaisteán ón Ríocht Aontaithe faoi leachtú sa bhliain 2018 le nach mór €500,000 mar easnamh aici ar dháta an leachtaithe. Theip ar na stiúrthóirí dliteanais CBL os cionn €150,000 a scaoileadh. Theip ar na stiúrthóirí leabhair agus taifid a choinneáil ar an caighdeáin riachtanach chun costais na cuideachta maidir le taisteal agus cothú a fhíorú agus theip orthu cuntais a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar is gá faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

### Cuideachta H

Rinne an Ard-Chúirt cuideachta a bhí cigireachtaí réadmhaoine agus seirbhísí um chomhlíonadh sábháilteachta á gcur ar fáil acu a leachtú i mí Iúil 2019 de bharr achainí ó na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar na stiúrthóirí dliteanais chánach dar luach €61,500 ag am an leachtaithe a scaoileadh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar na stiúrthóirí aon chánacha a dhearbhú, nó a íoc sa bhliain 2017 nó sa bhliain 2018 agus ní dhearna siad ach íocaíochtaí íosta leo sa bhliain 2016. Thóg na stiúrthóirí €51,400 amach as an gcuideachta idir mí Iúil na bliana 2017 agus mí Lúnasa na bliana 2018 agus tógadh €20,346 amach sa bhreis mar airgead tirim nach raibh dearbhaithe mar ioncam stiúrthóra do na Coimisinéirí Ioncaim. Níor chuir na stiúrthóirí leabhair agus taifid uile na cuideachta ar fáil don leachtaitheoir, mar a bhí orthu a dhéanamh faoi choinníollacha Achtanna na gCuideachtaí. Theip ar na stiúrthóirí cuntais a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar is gá faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

### Cuideachta I

Leachtaíodh cuideachta a bhí ag trádáil in earnáil na tógála ag an Ard-Chúirt go déanach i 2017 i ndiaidh achainí a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. B'ionann iomlán na ndliteanas neamhíoctha maidir le CBL agus CCA agus thart ar €200,000. Níor comhlíonadh Ordú Cúirte chun Ráiteas Gnóthaí a sholáthar i leith na cuideachta, lig na stiúrthóirí don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil nuair a bhí a fhios acu, nó ba chóir go mbeadh a fhios acu, go raibh an chuideachta dócmhainneach agus theip ar na stiúrthóirí comhoibriú a dhéanamh leis an leachtaitheoir. Ghlac an stiúrthóir lenar bhain le Geallúntas Srianta (cúig bhliain).

**Cuideachta J**

Níor chomhlíon cuideachta a bhí seirbhísí cothabhála foirgneamh agus sábháilteachta dóiteáin á gcur ar fáil acu a cuid dualgais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim i rith a tréimhse uile trádála. Dhearbhaigh an chuideachta ráitis ráithiúla ÍMAT a bhí níos ísle ná mar a bhí fíor. Cé gur ceartaíodh iad seo ina dhiaidh sin, nuair a comhdaíodh tuairisceáin bhliantúla an P35, d'úsáid an chuideachta na Coimisinéirí Ioncaim mar fhoinse creidmheasa. Ar dháta an leachtaithe, bhí dliteanas iomlán nach mór luach €70,000 bailithe ag an gcuideachta maidir le CBL, ÍMAT agus Cáin Chorparáide neamhíoctha. Lig na stiúrthóirí don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil ar feadh tréimhse fada nuair a bhí a fhios acu go raibh an chuideachta dócmhainneach agus nach raibh sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhí siad dlite. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Gealltúntais Srianta (cúig bhliain).

**Cuideachta K**

Theip ar chuideachta a raibh baint aici le hathchóiriú agus le díol pailléid adhmaid go leor tuairisceán cánach reachtúil a chomhdú agus níor íoc sí a cuid cánacha de réir mar a bhí siad dlite. Ar dháta an leachtaithe, bhí beagnach €100,000 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim i leith ÍMAT, ASPC, MSU agus CBL. Léirigh an fhianaise gur bhain an chuideachta úsáid as airgead a bhí dlite do na Coimisinéirí Ioncaim chun a cuid ghníomhaíochtaí gnó a mhaoiniú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Gealltúntais Srianta (cúig bhliain).

## Bearta Feidhmiúcháin & Torthaí Eile (Neamh-Gaolmhara Le Dócmhainneacht) – 2020

### Aschuir na hoibre forfheidhmiúcháin

Tá roinnt cineálacha éagsúla d'obair forfheidhmiúcháin na hOifige ann, lena n-áirítear:

- oibriú le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile d'fhonn ceartú/feabhsú deonach a fháil déanta ar chásanna um neamhchomhlíonadh;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmeanna an Stiúrthóa a fheidhmiú chun comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagra ar léiriú neamhchomhlíonadh;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche;
- sa chás, agus imscrúdú mionsonraithe a bheith déanta agus tugtha chun críche ar bhonn sin go léirítear leis na comharthaí coiriúlachta amhrasta go bhféadfadh gá a bheith le triail ar díotáil, comhad a atreorú chuig an SIP le breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda a chur i leith na gcúrsaí iontu nó nach bhfuil; agus
- comharthaí maidir le sáruithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann leis an dlí cuideachtaí a atreorú chuig rialtóirí ábhartha eile (agus atreorú cúrsaí ábhartha chuig comhlachtaí gairmiúla a chuimsiú chomh maith).

Tá sonraí tugtha maidir leis na príomhaschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige thíos.

## Ceartú/feabhsú deonach a fháil

### Sáruithe iasachtaí stiúrthóirí

I 13 cás (2019: 23) sa chás gur thuairiscigh iniúchóirí sáruithe amhrasta iasachtaí stiúrthóirí, nó gur tháinig siad chun feasa ar dhóigh ar bith eile, rinneadh ceartúcháin (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) darbh luach €5.7m (2019: €27.2m). Tá ceartúcháin den sórt sin ar mhaithe le comhaltaí agus creidiúnaithe cuideachtaí lena mbaineann.

### Teip ar chaighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh

Ceanglaítear in alt 291(3) den Achta ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, *inter alia*, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme. Le halt 291(9), foráiltear gur cion Chatagóir 2 ag an gcuideachta é agus ag aon oifigeach ar mainneachtain é cliseadh an ceanglas sin a chomhlíonadh. In 2020, tugadh 40 cás (2019: 72) le fios inar theip ar chuideachtaí chun caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh don Oifig trí thuairiscí ar chion indíotáilte. Mar gheall ar nádúr bunúsach na saincheisteanna atá i gceist (mar shampla, léirmhínithe éagsúla ar chaighdeán cuntasaíochta) is féidir an chuid is mó de na hábhair sin a réiteach chun sástacht an OSFC trí cheartú deonach.

### Daoine ag feidhmiú dóibh mar stiúrthóirí cuideachta gan cead acu sin a dhéanamh

Rinne an Oifig athbhreithniú i rith na bliana ar chlár na ndaoine dícháilithe agus srianta arna chothabháil ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ag éirí as an athbhreithniú, dealraíodh seisear (2019: 31) de bheith ag sárú na n-orduithe agus gealltanais úd. Tugadh staid na ndaoine chun rialtachta tar éis idirghabhála OSFC.

### Líon iomlán na rabhadh a eisíodh

Sa bhreis ar an méid a tháinig roimhe, tugadh rabhaidh do 19 cuideachta (2019: 28) ar an iomlán, maidir le cúrsaí éagsúla.

## Comhlíonadh a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Úsáideadh raon leathan forálacha reachtacha i rith na bliana faoi athbhreithniú d'fhonn comhlíonadh an dlí cuideachtaí a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn araon. Áiríodh cumhachtaí reachtúla, agus bearta imscrúdaithe eile, arna bhfeidhmiú:

- seirbheáil 54 ordú faoi alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíocht agus Calaoise) 2001 (2019: 28)
- rinneadh seacht mbarántas cuardaigh a fhorghníomhú (2019; 13)[41];
- gabhadh naonúr (2019: 5), agus coimeádadh seisear siúd (2019: 4) ina dhiaidh sin faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984 chun iad a cheistiú;
- casadh le 14 nduine (2019: 11) i ndiaidh socrú a dhéanamh tar éis gur thoiligh siad chun ráitis a sholáthar i ndiaidh gur tugadh foláireamh dóibh;
- seirbheáil dhá ordú reachtúla ag cur iallaigh ar thríú páirtithe chun leabhair agus doiciméid a thabhairt faoi alt 780 den Acht (2019: 2); agus
- seirbheáil trí iarratas reachtúla d'iniúchóirí ar fhaisnéis faoi alt 393 den Acht (2019: 39).

## Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Le linn na bliana, fuarthas cúig iarratas (2019: 20) ó chuideachtaí a bhí ag lorg treorach lena léirítear gur neamh-infheidhme an srian a fhaightear in alt 288(9) den Acht, ar alt é lena léirítear nach féidir le cuideachta, de ghnáth, a dáta deireadh bliana reatha nó roimhe a athrú níos mó ná uair amháin i dtréimhse cúig bliana.

## Príomh-dlíthíocht shibhialta

Le linn na bhliana faoi athbhreithniú, bhí baint ag an Oifig, *inter alia*, sna himeachtaí sibhialta seo a leanas.

### Tábla 18: Sonraí faoi príomh-imeachtaí sibhialta – 2020

| | |
|---|---|
| *Cumann Peile na h-Éireann "Football Association of Ireland"*<br><br>*An Ard-Chúirt – 2019 391 COS An Ard-Chúirt – 2020 66 COS* | Tar éis éilimh reachtúla a eisiúint de bhun alt 778 d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus barántais chuardaigh a fhorghníomhú de bhun alt 787 den Acht, thionscain an OSFC imeachtaí, de bhun ailt 788 agus 795 den Acht, chun cinneadh na Cúirte a fháil ar dhoiciméid áirithe ar dearbhaíodh dearbhú pribhléid ghairmiúil dlí agus/nó príobháideachta ina leith.<br><br>I mí Samhna na bliana 2020, cheap an Ard-Chúirt duine neamhspleách de bhun alt 795(6) d'Acht na gCuideachtaí 2014 chun, *inter alia*, tuairisc a ullmhú chun cabhrú leis an gCúirt a cinneadh a dhéanamh an bhfuil ábhar atá faoi réir na n-imeachtaí faoi phribhléid.<br><br>Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí an dlíthíocht seo fós ar siúl.<br><br>I mí an Mhárta 2021, cheap an Ard-Chúirt duine eile neamhspleách chun críocha comhchosúla mar a thagraítear thuas. |
| *Re Independent News and Media Plc* [2018] 124 COS (Neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Kelly P., 4 Meán Fómhair 2018)<br><br>*Buckley v. Fleck (and Others)* [2021] IEHC 101 (Neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Simons J., 15 Feabhra 2021) | Thug na Cigirí a cheap an Chúirt a Dara Tuarascáil Eatramhach don Ard-Chúirt an 27 Aibreán 2020.<br><br>De réir fhorálacha alt 759 d'Acht na gCuideachtaí 2014, d'ordaigh an Chúirt go dtabharfaí cóip den Dara Tuarascáil Eatramhach don OSFC. Tar éis iarratais a dhéanamh ar an Ard-Chúirt ag roinnt páirtithe, d'ordaigh an Chúirt, ar an 10 Meitheamh 2020 agus ar an 24 Meitheamh 2020 faoi seach, go dtabharfaí cóipeanna do na hIarratasóirí éagsúla.<br><br>Chuir na Cigirí in iúl sa Dara Tuarascáil Eatramhach go raibh sé dodhéanta ag an bpointe sin a chur in iúl go cruinn cathain a bheifí ag súil go mbeidís in ann Tuarascáil Deiridh a sheachadadh, mar gheall ar riachtanais na géarchéime reatha (Covid-19).<br><br>Trí imeachtaí na hArd-Chúirte a tosaíodh i mí Aibreán 2020, lorg an tUasal Leslie Buckley, iar-Chathaoirleach Independent News & Media plc ("INM"), Orduithe de bhun alt 749 d'Acht na gCuideachtaí 2014 chun na Cigirí a cheap an Ard-Chúirt Chúirt a athghairm ar fhorais luaite ón imscrúdú a d'ordaigh an Ard-Chúirt de bhun alt 748 d'Acht 2014.<br><br>D'éist an Ard-Chúirt leis an ábhar seo thar thréimhse ocht lá i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tugadh breithiúnas ar an 15 Feabhra 2021 agus dhiúltaigh an Breitheamh Garrett Simons iarratas an Uasail Buckley maidir leis na Cigirí a cheap an Chúirt a athghairm. |

41. Cúigear de bhun alt 787 den Acht, duine amháin de bhun alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 (arna chur in ionad alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) agus duine amháin de bhun alt 48 den Cheartas Coiriúil (Goid & An tAcht um Chionta Calaoise) 2001

## Imeachtaí coiriúla

Ag leanúint ar aghaidh óna cuspóirí straitéiseacha maidir le haghaidh a thabhairt ar chomharthaí éagóir thromchúisigh, is gnách go mbíonn acmhainní imscrúdaithe coiriúla na hOifige dírithe ar imscrúduithe níos casta agus níos fairsinge, a tagann mar thoradh orthu, de gnáth, go gcuirtear na comhaid faoi bhráid an SIP lena mbreithniú ar cheart cúiseamh a dhéanamh ar díotáil. Ag brath ar na fíricí agus na cúinsí bunúsacha, áfach, is féidir leis an Stiúrthóir a ordú go ndéanfar ionchúiseamh achomair freisin ar chionta líomhainte naithe de réir mar a mheastar iad a bheith iomchuí. Tá achoimre ar fáil thíos ar ghníomhaíocht forfheidhmithe coiriúil na hOifige i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Le linn na bliana 2020

i. cuireadh comhaid faoi bhráid an SIP maidir le ceithre imscrúdú ar leith;

ii. d’ordaigh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cúiseamh a dhéanamh maidir le trí imscrúdú ar leith;

iii. fuarthas treoracha ón SIP go ndéanfar cúiseamh, nó a mhalairt, maidir le trí imscrúdú ar leith;

iv. ag eascairt as (ii) agus (iii) thuas, rinneadh 45 cúiseamh choiriúla san iomlán in aghaidh cúigear ar leith maidir le cionta líomhainte de chineál;
   - Ordú Srianta a shárú in aghaidh ailt 855 d’Acht na gCuideachtaí 2014;
   - Ordú Srianta a shárú in aghaidh altanna 161 agus 240 d’Acht na gCuideachtaí 1990 arna leasú;
   - gníomhú faoi threoracha duine srianta in aghaidh ailt 856 d’Acht na gCuideachtaí 2014;
   - trádáil chalaoiseach in aghaidh ailt 297 d’Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú;
   - trádáil chalaoiseach in aghaidh ailt 722 d’Acht na gCuideachtaí 2014;
   - sciúradh airgid in aghaidh alt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) & 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010;
   - gadaíocht in aghaidh ailt 4 den Acht Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001; agus
   - faisnéis bhréagach a sholáthar in aghaidh ailt 876 d’Acht na gCuideachtaí 2014;

v. ionchúisíodh beirt sa Chúirt Dúiche mar gheall ar sháruithe líomhainte ar dhlí na gcuideachta;

vi. ionchúisíodh triúr sa Chúirt Chuarda (sé sin, ar díotáil) mar gheall ar sháruithe líomhainte ar reachtaíocht cuideachta agus ceartais choiriúil.

Ar an 31 Nollaig, bhí:

vii. trí chás fós os comhair na gCúirteanna Dúiche agus Cúirteanna Cuarda; agus

viii. dhá chomhad faoi bhráid an SIP ag fanacht le cinntí i dtaobh cúiseamha a dhéanamh nó a mhalairt.

## IMEACHTAÍ COIRIÚIL: CÁS-STAIDÉIR

### An t-Uasal John Canny

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal John Canny, 40 Bóthar Bhaile an tSionnaigh, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath, iarfhostaí de chuid Philips Ireland, i 25 chion líomhainte in aghaidh ailt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 (gadaíocht) agus dhá chion líomhainte in aghaidh ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (faisnéis bhréagach a sholáthar). Cuireadh tús leis an imscrúdú tar éis do aturnaetha, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar Western Biomedical Technologies agus a mháthairchuideachta, Philips Ireland, gearán a dhéanamh leis an OSFC. Sa ghearán, líomhnaíodh gur comhdaíodh tuairisceáin bréaga le hOifig Clárúcháin na gCuideachtaí agus gur goideadh níos mó ná €30,000 ó chuntas bainc Philips Ireland. Dúradh sa Cúirt gur bhain an t-Uasal Canny an t-airgead as an gcuntas i sraith os cionn 80 idirbheart. I ngach cás, taisceadh an t-airgead go díreach i gcuntas pearsanta an Uasail Canny. Rinneadh an figiúr seo a athbhreithniú níos déanaí síos go dtí €26,051 tar éis liúntas a thabhairt do phá agus do fhíor-chostais a bhí dlite. Ina dhiaidh sin d'aisíoc an t-Uasal Canny an t-airgead uile a bhí i gceist. Phléadáil an t-Uasal Canny ciontach i naoi gcúiseamh gadaíochta a bhain le méideanna dar luach €31,000 san iomlán agus le cúiseamh amháin ar fhaisnéis bhréagach a sholáthar agus gearradh príosúnacht 18 mí air agus cuireadh an phianbhreith iomlán ar fionraí ar feadh tréimhse 18 mí.

### An t-Uasal Pearse O'Connor

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Pearse Roofing and Cladding Limited, agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal Pearse O'Connor, An Corrán, Mainéar Bhaile Uí Leannáin, Dún Dealgan, Co. Lú, i mí Lúnasa na bliana 2018 i gcionta líomhnaithe in aghaidh alt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) agus 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (Sciúradh Airgid), ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), agus ailt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 (Úsáid Ionstraime Bhréagaí). Bhain an cúiseamh le lorg líomhainte mímhacánta ar íocaíochtaí ó Keys Commercial Finance Limited. I mí Aibreán na bliana 2021, phléadáil an tUasal O'Connor ciontach le cúiseamh amháin de Thrádáil Chalaoiseach agus cúig chúiseamh den Úsáid Ionstraime Bhréagaí. Cuireadh an t-ábhar ar atráth go dtí mí Deireadh Fómhair na bliana 2021 chun tuarascáil phromhaidh a ullmhú agus chun dáta le haghaidh pianbhreithe a shocrú.

### Patricia Kelly Uasal

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Console Suicide Bereavement Counselling Limited (faoi Leachtú), agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh Patricia Kelly Uas., 59 Mainéar Alastair, Claonadh, Co. Chill Dara, i gcionta líomhainte in aghaidh ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), ailt 722 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (Trádáil Chalaoiseach) agus alt 7(1)(a)(ii) agus 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (Sciúradh Airgid). Tá éisteacht réamhthrialach sceidealta do mhí Eanáir 2022 agus tá an triail sceidealta don 11 Eanáir 2023.

### An t-Uasal Shane Murphy

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Prochill Limited, agus de bhun treoracha ón Stiúrthóir Forfheidhmithe Corparáidí, cúisíodh an tUasal Shane Murphy, 43 Na Saileacha, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí, *inter alia*, i dhá chion líomhainte de shárú ar ordú srianta in aghaidh ailt 855 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Phléadáil t-Uasal Murphy ciontach os comhair na Cúirte Dúiche agus dícháilíodh é ón fhreastal mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse trí bliana agus gearradh fíneáil €850 air.

### An t-Uasal Kooi Hin (Keith) Yeap

Ag eascairt as imscrúdú an hOSFC, agus tar éis dó treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal Kooi Hin (Keith) Yeap, 47 An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin, i gcionta líomhainte in aghaidh ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (Faisnéis Bhréagach a Thabhairt). Bhain an cúiseamh le sé chuideachta. Seirbheáladh leabhar na fianaise i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 20 Aibreán 2021, agus cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig an gcéad suí eile den Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath lena thriail.

## Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus chuig comhlachtaí rialála eile

Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar an OSFC faisnéis rúnda a choinneáil nuair a bhíonn sé i seilbh aici, tá foráil reachtúil ann[42] a bhaineann le faisnéis a nochtadh le tríú páirtithe ar leith (lena n-áirítear comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla ar leith) ar an gcoinníoll gur féidir critéir shannta ar leith a shásaimh.

42. Alt 956 d'Acht na gCuideachtaí 2014